The Big Active

Barnardos

ALDI

# Corp, intinn agus croí.

## Plean Ceachta Meánscoile



RCN 20010027



## Rún Foghlama

Cruthaíodh dúshlán Barnardos Big Active le tacaíocht ó ALDI chun meas daltaí ar a bhfolláine a fhorbairt agus chun tacú lena gcumas a bheith chomh folláin go fisiciúil, go sóisialta, go mothúchánach agus is féidir leo a bheith.

## An Smaoineamh Mór:

Teastaíonn cur chuige iomlánaíoch ó fhíor-fhéinchúram: caithfimid aire a thabhairt dúinn féin go fisiciúil (Corp), go meabhrach (Intinn), agus trínár gcaidrimh le daoine eile (Croí).

## Achoimre ar na Tascanna:

**1. CORP.** Roghnaigh le chéile dúshlán Big Active bhur ranga, ar chóir dó a bheith ar siúl thar mhí agus coinnigh súil ar an dul chun cinn go laethúil ar do phleanálaí balla.
**2. INTINN.** Ba cheart do dhaltaí a ndialann Big Active a chomhlánú chun féin-mhachnamh agus féinfheasacht a spreagadh.
**3. CROÍ.** Bailigh airgead agus faigh amach faoi thionchar do shíntiúis. Roghnaigh idir síntiús ainmniúil €2 nó roghnaigh chun airgead a bhailiú mar rang. Gach seachtain, tóg ceann amháin nó níos mó de na ceisteanna atá liostaithe i do phacáiste maidir le tabhairt do charthanas ar bhealach eolach agus lig do do dhaltaí saol an daonchairdis agus a ndualgas cúraim do dhaoine eile a iniúchadh.

## Torthaí agus Inniúlachtaí

Nuair a bheidh Barnardos Big Active críochnaithe, ba cheart go mbeadh daltaí iar-bhunscoile in ann an méid seo a leanas a thaispeáint.

- Feasacht i ndáil le roghanna maithe a dhéanamh maidir lena bhfolláine phearsanta.
- Trína ndialann laethúil Big Active a chomhlánú, taifeadfaidh na daltaí an bhaint atá ag a gcuid foghlama lena saol. Déanfaidh siad machnamh agus meastóireacht freisin ar a ndul chun cinn maidir le páirt a ghlacadh in Barnardos Big Active.
- Muinín, taitneamh agus scil níos mó i ngníomhaíocht choirp.
- Smaointeoireacht chomhbhách a fhorbairt agus feasacht a bheith acu ar a bhfreagrachtaí saoránaigh agus tuiscint ar chúram d'fholláine daoine eile.
- Trí rannpháirtíocht agus gníomh bríoch, tabharfar cumhacht do dhaltaí agus feicfidh siad conas is féidir leo, trí oibriú le daoine eile, difríocht mhór a dhéanamh do shaol na leanaí agus na dteaghlach a n-oibríonn Barnardos leo.



THE Big ACTIVE
Barnardos
ALDI